An Roinn Oideachais
agus Scileanna

# Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

## Sonraíocht Churaclaim

# Clár ábhair


Page 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Page 4 **Réasúnaíocht**

Page 5 **Aidhm**

Page 6 **Forbhreathnú: Naisc**

Na Ráitis Foghlama
Príomhscileanna

Page 9 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

Page 13 **Ionchais maidir le scoláirí**

Snáithe 1: Airgeadas pearsanta
Snáithe 2: Fiontraíocht
Snáithe 3: Ár ngeilleagar

Page 17 **Measúnú agus tuairisciú**

Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas
An Tasc Measúnachta
An scrúdú deiridh

Page 24 **Aguisín 1**

Gluais de théarmaí gnó

Page 26 **Aguisín 2**

Gluais de bhriathra gnímh

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo a chuireann go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

4



# Réasúnaíocht

Tá daoine óga ag fás aníos i ndomhan domhandaithe agus dinimiciúil. Tiocfaidh deiseanna agus dúshláin úra chun cinn lena linn atá chóir a bheith doshamhlaithe sa lá atá inniu ann. Teicneolaíochtaí éiritheacha, dúshláin chomhshaoil agus shochaíocha, déimeagrafaic, iomaíocht dhomhanda agus éileamh athraitheach tomhaltóirí – is iad sin na nithe a spreagfaidh na hathruithe sin. Cabhraíonn staidéar ar chúrsaí gnó leis an tuiscint, leis na scileanna agus leis na meonta a theastaíonn chun páirt iomlán a ghlacadh i ndomhan idirnasctha a thabhairt don scoláire.

Spreagann an staidéar gnó an scoláire le léirthuiscint níos fearr a fháil don tionchar a bhíonn ag tosca eacnamaíocha agus sóisialta ar a shaol. Cuirtear ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh, a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú níos fearr agus a bheith solúbtha, cruthaitheach agus fiontraíoch. Cuireann an staidéar gnó feabhas freisin ar a eolas agus ar a thuiscint ar dhea chleachtas gnó agus ar an ngnó mar ghníomhaíocht tháirgiúil.

Cuireann an fhiontraíocht le cáilíocht ár saoil chomhchoitinn agus aonair, agus go minic athraíonn sí an tslí a mbímid ag obair, i mbun cumarsáide agus ag maireachtáil. Tugann an staidéar gnó feasacht, léargas agus dearcadh dearfach dúinn i leith na fiontraíochta, agus taispeánann sé dúinn an chaoi ar féidir leis feabhas a chur ar ár gcuid earraí, seirbhísí agus institiúidí.

Spreagann an staidéar gnó an scoláire chun scileanna a fhorbairt don fhoghlaim, don obair agus don saol. Cabhraíonn sé le forbairt scileanna smaointeoireachta anailísí agus criticiúla, ag spreagadh an scoláire le bheith go maith ag réiteach fadhbanna. Daingníonn sé forbairt scileanna uimhearthachta, litearthachta agus teicneolaíochta digití an scoláire trí chomhthéacs a sholáthar ón bhfíorshaol inar féidir iad a úsáid. Fiosraíonn an staidéar gnó an t idirspleáchas atá ann idir rath eacnamaíochta, folláine shochaíoch agus an comhshaol agus spreagann sé an scoláire chun smaoineamh agus gníomhú mar a bheadh saoránach freagrach agus eiticiúil ann. Tabharfar scileanna bunúsacha, tuiscintí agus tréithe pearsanta dó, a chabhróidh leis dul i ngleic leis an timpeallacht dhinimiciúil ghnó agus a lánacmhainneacht a bhaint amach ina shaol pearsanta agus gairmiúil, anois agus san am atá le teacht.

# Aidhm

Is é aidhm an staidéir gnó spéis an scoláire a mhúscailt sa timpeallacht ghnó agus sa chaoi a mbíonn sé ag plé léi. Forbraíonn sé scileanna, eolas, meonta agus iompraíocht a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh leis na hacmhainní uile atá ar fáil dó, ag cinntiú a leasa féin agus leas na sochaí, agus ag an am céanna beidh sé ag éirí níos féinfheasaí mar fhoghlaimeoir.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil staidéar gnó na sraithe sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den bhfoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

**Tábla 1:** Naisc idir staidéar gnó na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

### NA RÁITIS FOGHLAMA

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. | Déanfaidh an scoláire measúnú ar a chuid roghanna mar thomhaltóir agus tuigfidh sé an chaoi a n imríonn na roghanna sin tionchar dearfach nó diúltach ar a phobal agus ar an domhan trí chéile. |
| RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi. | Scrúdóidh an scoláire an méid is féidir le heagraíocht tionchar a imirt ar an ngeilleagar, ar an bpobal agus ar an timpeallacht ina bhfuil sí bunaithe. |
| RF 14: Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha. | Bainisteoidh an scoláire a chuid acmhainní airgeadais, tuigfidh sé na tairbhí a bhaineann le siopadóireacht a dhéanamh go ciallmhar agus go heiticiúil, agus déanfaidh sé measúnú ar rioscaí airgeadais. |
| RF 18: Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu. | Úsáidfidh an scoláire sonraí uimheartha agus grafacha chun anailís a dhéanamh ar ábhair agus ar cheisteanna agus chun fadhbanna ina leith a réiteach chun cinntí éifeachtacha a dhéanamh. |
| RF 22: Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta. | Déanfaidh an scoláire taighde margaidh chun léirthuiscint a fháil don fhiontraíocht agus chun fiosracht agus nuálaíocht a spreagadh. |
| RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Aimseoidh an scoláire eolas agus cuirfidh sé é in iúl agus/nó i láthair ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach agus fiosróidh sé an tionchar a bhíonn aige ar an gcaoi a ndéantar gnó. |

## PRÍOMHSCILEANNA

I dteannta a n inneachair agus a n eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 1 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

**Fíor 1:** Príomhscileanna na sraithe sóisearaí



Sainítear ar Thábla 2 thall roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa staidéar gnó. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

**Tábla 2:** Naisc idir staidéar gnó na sraithe sóisearaí agus príomhscileanna


## PRÍOMHSCILEANNA

| An phríomhscil | Sampla de ghné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú | Ceapfaidh an scoláire smaointe ar tháirgí/ar sheirbhísí i dtimpeallacht chruthaitheach agus cuirfear ar a chumas na smaointe sin a fhíorú. |
| A bheith liteartha | Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n áirítear téacsanna ilmhódacha | Beidh teacht ag an scoláire ar théacsanna ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha, agus rachaidh sé i ngleic leo, nuair atá sé ag déanamh taighde tionscadail agus nuair atá a chuid torthaí á chur i láthair aige. |
| A bheith uimheartha | Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil | Déanfaidh an scoláire measúnú ar an gcaoi a socraítear praghsanna earraí agus seirbhísí áirithe, agus tuigfidh sé idirghníomhaíocht an éilimh agus an tsoláthair. |
| Cumarsáid | Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh | Beidh caidreamh idir an scoláire agus scoláirí eile trí na meáin shóisialta agus trí theicneolaíocht dhigiteach eile d'fhonn saincheisteanna ábhartha gnó a fhiosrú. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifead, a eagrú agus a mheas | Ullmhóidh an scoláire cuntais airgeadais, measfaidh sé an staid airgeadais agus cuirfidh sé a anailís i láthair i bhfoirm tábla agus/nó graif. |
| Mé féin a bhainistiú | Cinntí ciallmhara a dhéanamh | Déanfaidh an scoláire measúnú ar na rioscaí a bhaineann le hairgead a choigilt agus a fháil ar iasacht agus déanfaidh sé cinntí airgeadais eolasacha agus freagracha. |
| Fanacht folláin | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Pléifidh an scoláire saincheisteanna reatha sa timpeallacht ghnó agus spreagfar a dhíograis agus a fhiosracht i leith an ghnó. |
| Obair le daoine eile | An dea chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint | Comhoibreoidh an scoláire agus rachaidh sé i mbun idirbheartaíochta le daoine eile sa seomra ranga chun dearcthaí a fhiosrú agus chun tascanna a chur i gcrích i réimse comhthéacsanna agus gníomhaíochtaí. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht do staidéar gnó na sraithe sóisearaí ar thuiscint an scoláire ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus ar scileanna don saol, don obair agus do staidéar breise a fhorbairt trí na trí shnáithe idirnasctha: Airgeadas pearsanta, Fiontraíocht agus Ár ngeilleagar.

**Fíor 2:** Snáitheanna staidéar gnó na sraithe sóisearaí




## Airgeadas pearsanta

Díríonn Airgeadas Pearsanta ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach.

## Fiontraíocht

Spreagann Fiontraíocht an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírithe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, trína scileanna agus trína luachanna a fhorbairt agus a úsáid. Forbraíonn sí buntuiscint an scoláire ar fheidhmeanna airgeadais, margaíochta agus oibriúcháin eagraíochta.

## Ár ngeilleagar


Cuireann Ár ngeilleagar ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bun choincheapa eacnamaíochta a shainaithint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann.

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama a bhaineann le gach snáithe astu féin anseo, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n aonar. Is cuid de rannpháirtíocht agus d’fhoghlaim an scoláire í a thaithí ar Airgeadas pearsanta, ar Fhiontraíocht agus ar Ár ngeilleagar agus iad comhtháite go hiomlán ina chéile. Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí gach snáithe i ngrúpaí ach thagairt a dhéanamh do thrí ghné:

- Mo chuid acmhainní a bhainistiú
- Cúrsaí gnó a fhiosrú
- Scileanna a úsáid don ghnó.

Déanann na gnéithe sin cur síos ar fhócas ina bhfuil trí chuid d’fhoghlaim i seomra ranga an ghnó. Díríonn gach gné ar spriocanna an phróisis foghlama go háirithe, is é sin, ar shealbhú eolais, scileanna agus luachanna nua. De réir mar a théann an scoláire chun cinn trí na snáitheanna uile, tiocfaidh forbairt chórasach ar a chuid eolas bunúsach, ar a phrionsabail agus ar a luachanna, agus ar na príomhscileanna trí gach ceann de na gnéithe seo.

**Fíor 3: Saintréith chomhtháite na snáitheanna agus na ngnéithe**



## MO CHUID ACMHAINNÍ A BHAINISTIÚ

Mo chuid acmhainní a bhainistiú: Trasna na snáitheanna, díríonn na torthaí foghlama sa ghné seo ar fheasacht, ar eolas agus ar thuiscint an scoláire ar bhuntosca an airgeadais phearsanta, na fiontraíochta agus na heacnamaíochta a fhorbairt.

## CÚRSAÍ GNÓ A FHIOSRÚ

Cúrsaí gnó a fhiosrú: Díríonn an ghné seo ar an gcomhthéacs don ghnó, trí amharc ar théamaí an domhandaithe, na forbartha inbhuanaithe agus an tomhaltachais. Cuireann sí ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar idircheangailteacht an ghnó leis an ngeilleagar, leis an tsochaí agus leis an gcomhshaol, agus spreagann sí an scoláire le bheith gníomhach agus freagrach.

## SCILEANNA A ÚSÁID DON GHNÓ

Scileanna a úsáid don ghnó: Leathnaíonn an ghné seo tuiscint an scoláire trí chur ar a chumas a chuid eolais agus scileanna a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach ina shaol féin agus sa timpeallacht dhinimiciúil ghnó.

Dearadh staidéar gnó na sraithe sóisearaí d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Socrófar na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta agus beidh an measúnú deireanach, a mheasfar go seachtrach, ag leibhéal comónta freisin.

Agus an cúrsa á phleanáil, cuirfidh an múinteoir san áireamh an gá atá le réimse leathan deiseanna a sholáthar ionas go mbeidh eispéiris foghlama bhríocha agus spreagúla ag an scoláire trí réimse leathan comhthéacsanna. Is timpeallacht dhinimiciúil í an timpeallacht ghnó, agus ba chóir go mbeadh tagairtí comhaimseartha don ghnó agus do chúrsaí reatha i seomra ranga an ghnó.

Le linn na pleanála, is gá go gcuirfí dul chun cinn i gcúrsaí curaclaim san áireamh i dtaca le forbairt scileanna agus le forbairt an eolais agus na tuisceana ar na bun choincheapa. Is féidir leis an múinteoir a phleanáil go ndíreofar ar phríomhscileanna a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí scoláire lárnacha, agus a aithint nach gá go bhforbródh an scoláire an réimse iomlán príomhscileanna in aon ghníomhaíocht amháin ar bith Is féidir deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí níos mionsonraithe agus níos cuimsithí a thabhairt isteach nuair a bheidh an mhuinín agus an cumas forbartha ag an scoláire chun príomhscileanna a chur i bhfeidhm i suíomhanna foghlama a bhíonn ag síordhul i gcastacht. Ba chóir go gcuirfí ar chumas gach scoláire, go háirithe iad siúd a bhfuil sainriachtanas fisiceach nó foghlama acu, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama an staidéir gnó i gcuideachta a bpiaraí ag an leibhéal oiriúnach agus le haird chuí ar na riachtanais sláinte agus sábháilteachta.

Is féidir leis an staidéar gnó a chur ar chumas an scoláire leanúint dá chuid ábhair spéise phearsanta. Tá sé d'aidhm ag an tsonraíocht seo cothromaíocht a bhaint amach idir doimhneacht agus leithead an ábhair. Tugann sé sin dóthain saoirse don mhúinteoir chun an fhoghlaim a éascú ar bhealach a léiríonn roghanna, fiosracht agus meon fiontraíoch an scoláire féin. Ba chóir gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach, spreagúil agus a fhreagraíonn dáiríre do thaithí an scoláire ar an bhfíorshaol.

# Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

## CURACLAM NA BUNSCOILE

Ag leibhéal na bunscoile, tosaíonn an páiste ag dul i ngleic leis an domhan eacnamaíoch ina maireann sé agus forbraíonn sé bunfheasacht air. Cé nach ábhar neamhspleách é an gnó laistigh de churaclam na bunscoile, éiríonn leis an tsonraíocht do staidéar gnó na sraithe sóisearaí, trína cuid snáitheanna, gnéithe agus torthaí, tógáil ar fhoghlaim ábhartha a tharla cheana ag leibhéal na bunscoile. Forbraíonn curaclam matamaitice na bunscoile scileanna matamaitice an pháiste i réimsí an réitigh fadhbanna, smaointe matamaiticiúla a léiriú i modhanna difriúla, agus na réasúnaíochta. I réimse Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (OSCE) an churaclaim tugtar deiseanna don pháiste tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a thuiscint ar dhaoine a mhaireann agus a oibríonn sa phobal áitiúil agus níos faide i gcéin, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar a thuiscint ar shaincheisteanna trádála agus forbartha. Pléitear leis an gcineál sin feasachta, eolais agus scileanna i staidéar gnó san iar bhunscoil.

## AN TSRAITH SHINSEARACH

Go suntasach, déantar forbairt mhór ar an tuiscint agus ar na scileanna a theastaíonn d'ábhair a bhaineann le cúrsaí gnó sa tsraith shinsearach. Bíonn bunú mionchuideachta, tionscnaíocht agus comórtais nuálaíochta sóisialta ina gcuid de chláir na hIdirbhliana ina lán scoileanna. Baineann scoileanna leas as an Idirbhliain freisin chun taithí oibre agus fiosruithe faoi ionaid oibre a thairiscint don scoláire. Tá naisc láidre aige leis na siollabais do ghnó, do chuntasaíocht agus d'eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, agus bíonn an scoláire ag tógáil ar a chuid tuisceana agus ar a scileanna airgeadais, gnó agus eacnamaíochta ón tsraith shóisearach. Ina theannta sin, ullmhaíonn an staidéar gnó an scoláire le haghaidh Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Bíonn idir staidéar acadúil agus bhéim ar thionscnaíocht, ar an bpobal agus ar ullmhúchán don saol oibre i gceist le Gairmchlár na hArdteistiméireachta. Mar chuid den chlár tugann an scoláire faoi mhodúl in Oideachas Fiontraíochta ina mbítear ag aithint agus ag foghlaim faoi scileanna tionscnaíochta, faoi ghníomhaíochtaí fiontraíochta agus faoi eagraíochtaí áitiúla gnó. Is mór an tairbhe é freisin do scoláirí a roghnaíonn an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a dhéanamh, mar go n ullmhaíonn sé an scoláire don aistriú ó shaol na scoile go saol an duine fhásta agus go saol na hoibre. Mar chuid den Ardteistiméireacht Fheidhmeach, tugann an scoláire faoi thasc suntasach atá praiticiúil agus/nó fiontraíoch agus cuireann sé i gcrích é thar thréimhse ama.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo.

Cuimseoidh na samplaí seo obair atá

- ag teacht leis na hionchais
- os cionn na n ionchas
- thar barr ar fad

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach.

## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an staidéar gnó sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. **Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin de, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa staidéar gnó go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.**

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Cuirtear staidéar gnó na sraithe sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le caighdeáin dhifriúla oibre i measc scoláirí.

## Snáithe 1: Airgeadas pearsanta

Díríonn **airgeadas pearsanta** ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach. Sa snáithe seo foghlaimíonn an scoláire faoina chúrsaí airgeadais a bhainistiú, faoi iompar freagrach tomhaltóra agus faoin luach a bhaineann le hacmhainní a úsáid go heiticiúil agus go héifeachtúil chun tairbhe daoine aonair agus na sochaí.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí

1.2 Foinsí ioncaim agus caiteachais a shainaithint agus a rangú, comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá ar fáil chun an bainistiú is fearr a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gach rogha acu agus breithiúnais eolasacha agus fhreagracha a dhéanamh

1.3 Saolré airgeadais pearsanta a chur le chéile chun riachtanais airgeadais ag céimeanna difriúla saoil a shainaithint

1.4 Na príomhchánacha agus na príomhtháillí pearsanta a mhíniú agus an tráth agus an chúis a bhféadfaidís a theacht chun cinn a thabhairt le fios

1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí

1.6 Cineálacha cuí árachais a shainaithint le haghaidh riachtanais phearsanta ar leith agus costais, tairbhí agus rioscaí a mheas

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.7 Idirdhealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuiscint a bheith aige dóibh

1.8 Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí agus institiúidí airgeadais chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí

1.9 Díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe

1.10 Plé agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n imríonn domhandú agus forbairtí teicneolaíochta tionchar ar rogha agus ar iompar tomhaltóirí

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.11 Duilleog phá a léirmhíniú agus dliteanas pearsanta cánach de bharr fostaíochta a ríomh

1.12 Buiséad a ullmhú agus anailís a dhéanamh air, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

1.13 Monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

## Snáithe 2: Fiontraíocht

Spreagann **Fiontraíocht** an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírithe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, trína scileanna agus trína luachanna a fhorbairt agus a úsáid. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bheith fiontraíoch, faoi fheidhmeanna eagraíochta agus faoin timpeallacht ghnó.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus léirthuiscint a bheith aige don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

2.2 Cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirthuiscint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

2.5 Na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú a chur i gcrích agus a léirmhíniú

2.11 Meas a dhéanamh ar a thábhachtaí is atá sreabhadh airgid eagraíochta a phleanáil, foinsí oiriúnacha maoinithe a mholadh chun caiteachas a bhainistiú agus buiséad a ullmhú

2.12 Cuntas airgid a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam a fuair eagraíocht agus ar íocaíochtaí a rinne sí, measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomh a mholadh; figiúir a phostáil sna mórleabhair iomchuí agus comhardú trialach a fháil

2.13 Cuntais deiridh a ullmhú chun feidhmíocht airgeadais eagraíochta ag deireadh tréimhse trádála a mheas, anailís agus measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gnímh a mholadh

## Snáithe 3: Ár ngeilleagar

Cuireann **Ár ngeilleagar** ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bun choincheapa eacnamaíochta a shainaithint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi éileamh agus soláthar earraí agus seirbhísí, faoi ról an rialtais i mbainistiú an gheilleagair, agus faoi shaincheisteanna eacnamaíochta amhail trádáil, fostaíocht agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

**GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíocha; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíocha a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh a dháileadh

3.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe ar sholáthar agus éileamh earraí agus seirbhísí i margaí difriúla tionchar a imirt ar phraghsanna

3.4 Dealú idir foinsí difriúla ioncam rialtais agus caiteachas rialtais

**GNÉITHE: Cúrsaí gnó a fhiosrú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.5 Feidhm na cánach a scrúdú ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlíthiúla agus eiticiúla de

3.6 Míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

**GNÉITHE: Scileanna a úsáid don ghnó**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.9 Oiriúnacht táscairí eacnamaíocha a mhíniú amhail boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, borradh eacnamaíoch, ioncam náisiúnta agus fiacha náisiúnta do dhaoine aonair agus don gheilleagar

3.10 A chuid eolais, agus faisnéis ó fhoinsí éagsúla meán, a úsáid chun saincheisteanna reatha eacnamaíochta a phlé agus tuairim eolasach a chur i láthair

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i staidéar gnó na sraithe sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith in rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus dírionn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais

Áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do PGSS

Cuimseoidh an measúnú ar an staidéar gnó le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe – *Gnó á chur i ngníomh* agus *Cur i láthair* – agus measúnú deiridh. Lena chois sin, beidh Tasc Measúnaithe scríofa i gceist leis an dara Measúnú Rangbhunaithe a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i dteannta an Mheasúnaithe Deiridh.

## Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa staidéar gnó

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach ceacht. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Beidh dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i staidéar gnó na sraithe sóisearaí. Bainfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le hobair an scoláire le linn an dara agus an tríú bliain d'oideachas na sraithe sóisearaí.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire chun a fhiosracht agus a spéis sa timpeallacht ghnó a spreagadh. Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na tosaíochtaí don fhoghlaim agus don teagasc i staidéar gnó. Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse modhanna
- anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise chun breithiúnais luachála agus cinntí eolasacha a dhéanamh
- faisnéis a eagrú agus pleanáil go loighciúil
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh a dhéanamh ar an méid a chuireann sé leis an obair agus ar a chuid foghlama féin.

Trí na Measúnuithe Rangbhunaithe sin, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus mar sin de bainfidh sé amach na torthaí foghlama ar fud na snáitheanna.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Gnó á chur i ngníomh

Tugann Gnó á chur i ngníomh deis don scoláire tabhairt go gníomhach faoi eispéireas foghlama praiticiúil agus fírinneach a léiríonn gníomhaíochtaí a dhéantar go rialta sa timpeallacht ghnó. Beidh sé ag feidhmiú mar thomhaltóir, mar fhiontraí, mar bhainisteoir agus mar dhuine den lucht déanta cinntí agus é ag pleanáil agus ag déanamh taighde, ag déanamh anailís ar shonraí agus ar fhaisnéis, ag réiteach fadhbanna agus ag déanamh cinntí, ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun eolas a bhainistiú, agus ag dul i mbun gnímh. Foghlaimeoidh sé faoina chuid acmhainní féin agus faoi shaincheisteanna a bhfuil tábhacht shóisialta, chultúrtha agus dhomhanda leo, agus déanfaidh sé cinntí eolasacha ina leith. Is bunscileanna riachtanacha iad sin a bheidh ag teastáil le haghaidh an tsaoil, na hoibre agus an bhreisoideachais.

Tugtar trí rogha don scoláire as a roghnóidh sé tionscadal Gnó á chur i ngníomh:

1. Fiontraíocht á cur i ngníomh
2. Eacnamaíocht á cur i ngníomh
3. Airgeadas á chur i ngníomh

Is grúpthionscadal é Gnó á chur i ngníomh. Clúdaíonn sé ceithre réimse gníomhaíochta: *taighde a dhéanamh; measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis; pleananna gníomhaíochta a fhorbairt; agus torthaí a thuairisciú*. Ba chóir don scoláire comhoibriú lena chomhscoláirí chun an tionscadal a chur i gcrích ach ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go gcuireann gach scoláire leis sa tionscadal as féin, agus go gcruthaíonn gach duine fianaise chun gnéithe cáilíochta an mheasúnaithe seo a bhaint amach.

| Rogha tionscadail | Cur síos |
|---|---|
| Fiontraíocht á cur i ngníomh | Tugtar deis don scoláire tabhairt faoi ghníomhaíocht tionscnaíochta. Is féidir leis an ngrúpa roghnú ó na cinn seo a leanas:<br>• Is féidir leis na scoláirí táirge nó seirbhís a fhorbairt. Féadfaidh siad an táirge nó an tseirbhís a cheapadh nó a chumadh siad féin, toisc go sainaithníonn siad margadh féideartha a bheith aige/aici, nó féadfaidh siad táirge nó seirbhís atá ann cheana a fhorbairt, toisc go sainaithníonn siad go bhféadfaí cur lena m(h)argadh.<br>• Is féidir leis na scoláirí imeacht nó gníomhaíocht tionscnaíochta (brabúis nó neamhbhrabúis) a fhorbairt. Féadann sé a bheith ina imeacht aon uaire nó ina imeacht a eagraítear thar thréimhse ama níos faide. Is féidir tabhairt faoi chun críocha eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha.<br>Mar chuid den tionscadal seo:<br>• tabharfaidh an grúpa scoláirí faoi thaighde margaidh chun indéantacht a bhfiontair a mheas<br>• déanfaidh siad measúnú ar thorthaí a dtaighde<br>• forbróidh siad plean gníomhaíochta gnó bunaithe ar thorthaí a dtaighde ina ndéanfar cur síos ar an gcumasc margaíochta atá le cur i bhfeidhm agus ar fhaisnéis airgeadais don fhiontar<br>• soláthróidh siad an táirge, an tseirbhís, an t imeacht nó an ghníomhaíocht tionscnaíochta a roghnaigh siad dá spriocmhargadh, nuair is féidir<br>• déanfaidh siad taifead ar ionchuir agus ar aschuir an fhiontair<br>• déanfaidh siad moltaí maidir le hinmharthanacht an fhiontair. |

| | |
|---|---|
| Eacnamaíocht á cur i ngníomh | Tugtar deis don scoláire treocht, forbairt, athrú nó beartas eacnamaíochta atá ag imirt tionchar dearfach nó diúltach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann a roghnú.<br>Mar chuid den tionscadal seo:<br>• tabharfaidh an grúpa scoláirí faoi thaighde ar an tsaincheist eacnamaíochta a roghnaíonn siad<br>• déanfaidh siad measúnú ar thorthaí a dtaighde: cuimseoidh an measúnú eacnamaíoch tairbhí agus costais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil na saincheiste eacnamaíche ar phríomhpháirtithe leasmhara difriúla a shainaithint agus a mheas<br>• taispeánfaidh siad úsáid táscairí eacnamaíocha agus léiriúcháin ghrafacha ábhartha. chun tacú lena measúnú ar thorthaí an taighde<br>• forbróidh siad plean gníomhaíochta ina dtugtar breac chuntas ar athruithe ar bheartas eacnamaíoch a d'fhéadfadh a oiread leasa agus is féidir a bhaint as na torthaí eacnamaíocha a d'eascródh as. |
| Airgeadas á chur i ngníomh | Tugtar deis don scoláire dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainaithint agus taighde a dhéanamh air.<br>Mar chuid den tionscadal seo:<br>• iniúchfaidh an grúpa scoláirí a rogha dúshlán airgeadais agus déanfaidh siad taighde air<br>• déanfaidh siad measúnú ar thorthaí a dtaighde: beidh anailís le déanamh sa mheasúnú ar staid airgeadais an tomhaltóra nó na heagraíochta<br>• tabharfaidh siad roinnt cúiseanna le fios go bhfuil an dúshlán airgeadais ann agus sainaithneoidh siad tairbhí agus costais an dúshláin airgeadais do na príomhpháirtithe leasmhara difriúla<br>• tacóidh siad lena gcuid anailíse le léiriúcháin tháblacha agus ghrafacha<br>• rangóidh siad na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha ar ioncam agus ar chaiteachas agus/nó ar staid bhrabúis agus chaillteanais tomhaltóra nó eagraíochta agus déanfaidh siad cur síos orthu<br>• forbróidh siad plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán airgeadais de réir a measúnaithe ar thorthaí an taighde. |

## FIANAISE AR FHOGHLAIM

Chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích go sásúil, ní mór don scoláire tuairisc a chur isteach ar thorthaí a chuid taighde agus ar a phlean gníomhaíochta. Is ionann an tuairisc seo a chuirtear isteach agus an fhianaise ar fhoghlaim an scoláire. Ní mór go mbeadh an tuairisc a chuirtear isteach i bhfoirm scríofa a mheasann an múinteoir agus an scoláire a bheith oiriúnach, ag cur chomhthéacs uathúil na scoile agus inniúlachtaí agus ábhair spéise an scoláire aonair san áireamh.

Is é an scoláire a roghnóidh an fhaisnéis is oiriúnaí, iontaofa agus ar ardchaighdeán dar leis le cur san áireamh mar fhianaise ar an tionscadal críochnaithe. Cuirfear an measúnú seo i gcrích i dtreo dheireadh bhliain a dó.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair

Tá dhá thosaíocht ag baint leis an Measúnú Rangbhunaithe seo: deis a thabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna difriúla ón bhfíorshaol, agus a chuid scileanna cumarsáide a fhorbairt. Le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo cuirfidh an scoláire ábhar a d'fhoghlaim sé sa chúrsa i bhfeidhm ina shaol laethúil agus i saol na hoibre, nascfaidh sé smaointe teoiriciúla le comhthéacsanna praiticiúla agus tosóidh sé ag forbairt scileanna machnaimh. Tá sé i gceist leis an Measúnú Rangbhunaithe seo go mbeidh níos mó plé dearfach idir an scoláire agus an múinteoir ar ábhair spéise a bhaineann le cúrsaí gnó le linn na dtrí bliana staidéir.

Éilítear sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo ar an scoláire ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó a iniúchadh agus é a chur i láthair. D'fhéadfadh go mbeadh baint dhíreach ag an ábhar a roghnaítear le sain inneachar de chuid an chúrsa nó d'fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar shaincheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil léi, ar an gcuntar go mbaineann sí leis an timpeallacht ghnó. D'fhonn an Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích, beidh ar an scoláire:

- tabhairt faoi bhuntaighde chun níos mó a fhoghlaim faoin ábhar
- a spéis san ábhar a mhíniú
- measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin timpeallacht ghnó de thoradh a iniúchta
- machnamh a dhéanamh ar an léargas difriúil atá aige ar an domhan agus ar an gcaoi ar athraigh a iompar i ndiaidh dó dul i ngleic leis an ábhar
- forbairt a chuid scileanna cumarsáide a thaispeáint trí chur i láthair a dhéanamh.

Ní féidir leis an scoláire cur i láthair a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe don Ghnó á chur i ngníomh.

Is tionscadal do dhuine aonair é an Cur i láthair. Cuimsíonn sé trí réimse gníomhaíochta: *iniúchadh, machnamh ar fhoghlaim agus cumarsáid*. Is féidir leis an scoláire comhoibriú lena chomhscoláirí nuair atá faisnéis ábhartha á bailiú ach ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go bhfuil gach scoláire ábalta fianaise a sholáthar ina aonar chun gnéithe cáilíochta an mheasúnaithe seo a chomhlíonadh.

### FIANAISE AR FHOGHLAIM

Ionas go n éireodh leis an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe a chríochnú go sásúil, ní mór dó fianaise a thaispeáint ar a chuid oibre trí chur i láthair aonair.

Is féidir leis an scoláire réimse d'ábhair agus d'uirlisí difriúla tacaíochta a úsáid le linn a chuir i láthair amhail teicneolaíocht dhigiteach, póstaeir, léiriúcháin ghrafacha, cuntais airgeadais, ceisteanna agallaimh nó clárscéalta, ag cur chomhthéacs uathúil na scoile agus inniúlachtaí agus ábhair spéise an scoláire aonair san áireamh. Cuirfear an cur i láthair i gcrích i dtéarma a haon de bhliain a trí.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun píosaí oibre an scoláire a mheas.

Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) i gcrích.

| MRB | An measúnú a chur i gcrích | Cruinniú AFMÁ[1] |
|---|---|---|
| Gnó á chur i ngníomh | I dtreo dheireadh an dara bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |
| Cur i láthair | Deireadh an chéad téarma sa tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh ábhar níos mionsonraithe ar fáil i sonraíocht agus i dtreoirlínte measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú ar an tuairisciú i staidéar gnó na sraithe sóisearaí, ina leagfar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhainfidh le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh píosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid agus le tagairt dó i measúnú leanúnach ranga ar staidéar gnó na sraithe sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## An Tasc Measúnachta

Cuireann an scoláire Tasc Measúnachta foirmiúil scríofa i gcrích atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil i dteannta an scrúdaithe deiridh don staidéar gnó. Tá naisc ag an Tasc Measúnachta le tosaíochtaí an Chuir i láthair, a thugann an deis don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna ón bhfíorshaol agus a chuid scileanna cumarsáide a fhorbairt. Tagann an t eolas agus na scileanna a fhorbraíonn an scoláire le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe chun cinn as an bhfeasacht níos fearr a bhíonn aige ar dhinimic na timpeallachta gnó.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnachta ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n áirítear:

- a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an gCur i láthair
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a chóras luachanna trína thaithí ar an gCur i láthair.

1 **A**thbhreithniú ar **F**hoghlaim agus ar **M**heasúnú **Á**bhair

**CLEACHTAIS MHEASÚNAITHE CHUIMSITHEACHA**

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta, a shocróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní mhairfidh an scrúdú níos faide ná dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl ag deireadh an tríú bliain. Le linn an mheasúnaithe sin, iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh.

I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó tháblaí na dtorthaí foghlama.

# Aguisín 1

## Gluais de théarmaí gnó

Is minic a chuireann an téarmaíocht a bhaineann le cúrsaí gnó mearbhall ar dhaoine, toisc go bhféadfadh cúpla sainmhíniú nó léirmhíniú a bheith ag aon fhocal amháin. Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht do staidéar gnó na sraithe sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhínítear na téarmaí agus a n úsáidtear iad a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Acmhainní eacnamaíocha** | Na tosca a úsáidtear chun earraí a tháirgeadh nó chun seirbhísí a sholáthar. Is iad seo na hionchuir a úsáidtear chun rudaí a chruthú nó chun cabhrú le seirbhísí a chur ar fáil lena n áirítear acmhainní daonna agus acmhainní neamhdhaonna, amhail talamh, earraí caipitil, acmhainní airgeadais, agus teicneolaíocht. |
| **Cuideachta** | Gnólacht nó fiontar tráchtála. |
| **Domhandú** | Próiseas comhtháthaithe idirnáisiúnta a eascraíonn as léargais dhomhanda, táirgí, seirbhísí, smaointe, agus gnéithe eile cultúir a chómhalartú. |
| **Eagraíocht** | Grúpa eagraithe daoine a bhfuil sainchuspóir acu, ar nós cuideachta nó roinn rialtais. D'fhéadfadh gur eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis í, agus cuimsítear léi rud ó chuideachta bheag atá á reáchtáil ag an úinéir ar nós bialann teaghlaigh, go cuideachta ilnáisiúnta. |
| **Fiontraíocht** | Gníomhú ar dheiseanna agus ar smaointe agus iad a athrú ina rudaí luachmhara le haghaidh daoine eile. D'fhéadfadh go mbeadh an rud a chruthaítear luachmhar ó thaobh an airgid, an chultúir nó an tsaoil shóisialta de. |
| **Forbairt inbhuanaithe** | Forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an ama i láthair gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin. Is próiseas leanúnach treoraithe é ina mbíonn athrú eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, athrú a bhfuil sé mar aidhm aige folláine agus leas saoránach a chur chun cinn san am i láthair agus sa todhchaí. |
| **Geilleagar** | Córas institiúidí agus eagraíochtaí a bhíonn ag plé le táirgeadh agus le dáileadh earraí agus seirbhísí. |
| **Gnó** | Aon ghníomhaíocht tráchtála, tionsclaíochta nó ghairmiúil a dhéanann duine aonair nó grúpa. |

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Inbhuanaitheacht** | Próiseas ina ndéantar na córais shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil a bhíonn ag síor idirghníomhú a chothromú ar mhaithe le daoine aonair anois agus san am atá le teacht. Tá trí cholún lárnacha inbhuanaitheachta ann: an ghné shóisialta, an ghné chomhshaoil agus an ghné gheilleagrach (daoine, an domhan, agus brabús). |
| **Teicneolaíocht dhigiteach** | Sraith d'uirlisí agus d'acmhainní teicneolaíochta a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh, agus chun faisnéis a chruthú, a scaipeadh, a stóráil agus a bhainistiú, mar shampla, fóin phóca, aipeanna, táibléid agus ríomhairí. |
| **Timpeallacht ghnó** | Na tosca uile, idir inmheánach agus sheachtrach, a imríonn tionchar ar fheidhmiú gnó. Cuimsíonn sí, mar shampla, tomhaltóirí, soláthróirí, comhlachtaí iomaíocha, fiontraithe, feabhsuithe ar chúrsaí teicneolaíochta, dlíthe, gníomhaíochtaí rialtais, agus treochtaí margaidh, sóisialta agus eacnamaíocha. |
| **Tionscnaíocht** | Cumas duine, ag gníomhú dó ina aonar nó le daoine eile, chun smaointe a ghiniúint agus a thógáil go cruthaitheach, chun deiseanna nuálaíochta a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhartha praiticiúla agus spriocdhírithe. |

# Aguisín 2

## Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a shainaithint |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Ceangail** | rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt |
| **Ceap** | nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Cuir i gcrích** | rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil |
| **Cuir i láthair** | smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| **Cuir le chéile** | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh |
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| **Dealaigh** | an méid a dhéanann rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Déan** | gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd |
| **Déan díospóireacht** | cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil |
| **Deimhnigh** | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |
| **Faigh amach** | rud a chinntiú nó a dhearbhú go beacht trí thaighde nó trí ríomh |
| **Forbair** | dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta |
| **Idirdhealaigh** | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| **Luaigh** | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| **Meas** | saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh (sonraí)** | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Mol** | plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas |
| **Mol (comhairligh)** | rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe |
| **Monatóirigh** | breathnú ar dhul chun cinn ruda agus é a sheiceáil thar thréimhse ama; rud a choimeád faoi athbhreithniú córasach |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| **Rangaigh** | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| **Ríomh** | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus coibhneasa na saincheiste |
| **Tabhair le fios** | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Tiontaigh** | athrú go foirm eile |
| **Tuar** | toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| **Tuig** | Corpas dea eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| **Ullmhaigh** | rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair |
| **Úsáid** | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© 2015 Government of Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS